Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9099/24**

**UK 60**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 169 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 169 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 169 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.4.2024
COM(2024) 169 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### • Forais agus cuspóirí an mholta

An 1 Feabhra 2020, tharraing Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') siar as an Aontas Eorpach ('an tAontas') agus ón gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom).

Tá na socruithe don tarraingt siar leagtha amach sa Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú maidir le Tarraingt Siar')[1]. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020 agus déantar foráil ann maidir le hidirthréimhse ar lena linn a mbeidh feidhm ag dlí an Aontais[2] maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gComhaontú sin. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin an 31 Nollaig 2020.

Le linn na hidirthréimhse sin, tháinig an tAontas Eorpach, Euratom agus an Ríocht Aontaithe ar Chomhaontú Trádála agus Comhair, a thug an tAontas i gcrích bunaithe ar Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[3] agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ón 1 Eanáir 2021[4]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

Tháinig deireadh le saorghluaiseacht daoine idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe de bharr deireadh na hidirthréimhse[5].

Sna treoirlínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 maidir leis an gcaidreamh a bheadh ann leis an Ríocht Aontaithe sa todhchaí, dúirt sí gur '*cheart forálacha uaillmhianacha a bheith sa chomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo, i ndáil le gluaiseacht daoine nádúrtha, bunaithe ar chómhalartacht iomlán agus neamh-idirdhealú idir na Ballstáit*'[6].

Mar sin féin, in ainneoin an Dearbhaithe Pholaitiúil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe 2019[7] (a dhírigh ar shoghluaisteacht na hóige), dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe dul i

---

1 (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

2 Mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú um Tharraingt Siar

3 Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

4 Cinneadh (AE) 2020/2252 ón gComhairle an 29 Nollaig 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 444, 31.12.2020, lch. 2).

5 Cé is moite d'Éirinn. Fanann Éirinn laistigh den 'Chomhlimistéar Taistil' leis an Ríocht Aontaithe.
Sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, tugtar aghaidh ar an gcaoi a chaitear le saoránaigh den Aontas a bhí ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse (agus ar an gcaoi a chaitear le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe bhí ina gcónaí san Aontais ag an bpointe sin).

6 EUCO XT20001/18, 23 Márta 2018, § 10.

7 Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (IO C 34, 31.1.2020, lch. 1. Sa Dearbhú sin, deirtear go '*n-aontaíonn na Chomhpháirtithe go mbreithneoidh siad coinníollacha dul isteach agus fanachta chun críocha amhail taighde, staidéar, oiliúint agus malartuithe ógra.*' (§ 51).

mbun caibidlíochta maidir le soghluaisteacht[8] le linn na caibidlíochta in 2020. Dá thoradh sin, ní thugtar aghaidh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ar cheist shoghluaisteacht daoine idir na Páirtithe sa Chomhaontú. Áirítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, áfach, forálacha maidir le comhordú na slándála sóisialta[9] a thacaíonn leis an bhféidearthacht maidir le soghluaisteacht dhaoine faoi dhlí baile ceachtar Páirtí agus dá bhrí sin is cumasóir na soghluaisteachta é an Comhaontú.

Is le rialacha baile (maidir le hinimirce) an Aontais (agus na mBallstát) agus le rialacha baile (maidir le hinimirce) na Ríochta Aontaithe faoi seach a rialaítear soghluaisteacht daoine idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (féach thíos). Tá an tsoghluaisteacht sin níos deacra anois, agus dá thoradh sin, tá laghdú tagtha ar shoghluaisteacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe[10]. Tá an cás seo tar éis tionchar a imirt go háirithe ar na deiseanna atá ag daoine óga san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe taithí a fháil ar an saol i gcríoch a chéile agus tairbhe a bhaint as malartuithe ógra, cultúrtha, oideachais, taighde agus oiliúna.

I gcaitheamh 2023, chuaigh an Ríocht Aontaithe i dteagmháil le roinnt Ballstát (ach ní iad uile) agus é ar intinn aici caibidlíocht a dhéanamh faoi shocruithe maidir le soghluaisteacht na hóige, socruithe a mbunófaí ar scéim víosa na Ríochta Aontaithe um shoghluaisteacht na hóige. Is é an toradh a bheadh ar an cur chuige sin go gcaithfear ar bhealach difriúil le náisiúnaigh den Aontas. Sa bhreis air sin, ní thugtar aghaidh leis an gcur chuige sin ar na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht a mbíonn ar dhaoine óga dul i ngleic leo ó dheireadh na hidirthréimhse.

Bheadh sé i gceist le comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le soghluaisteacht na hóige aghaidh a thabhairt ar chuid de na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht a bhaineann leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe (féach thíos). Bheadh sé cómhalartach, i.e. bhainfeadh saoránaigh uile an Aontais agus náisiúnaigh uile den Ríocht Aontaithe tairbhe as.

*Na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe:*

I ndáil leis an Aontas, rialaítear soghluaisteacht náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, ó dheireadh na hidirthréimhse, leis na rialacha agus na beartais seo a leanas:

- Tá tacar ionstraimí dlí ag an Aontas agus iad infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír i réimse na himirce dleathaí. I gcásanna áirithe, rialaítear leo coinníollacha iontrála agus cónaithe do chatagóirí áirithe náisiúnach tríú tír: is iad na cinn is ábhartha an

Bunaithe ar an dearbhú sin, chuir an Coimisiún forálacha maidir le soghluaisteacht isteach sa dréacht-Chomhaontú a cuireadh faoi bhráid na Ríochta Aontaithe an 18 Márta 2018 chun críche na caibidlíochta (Dréacht-téacs an Chomhaontaithe maidir leis an gComhpháirtíocht Nua leis an Ríocht Aontaithe, UKTF(2020)14, 18 Márta 2020: https://commission.europa.eu/publications/draft-text-agreement-new-partnership-united-kingdom_en).

8 Le 'soghluaisteacht', de réir bhrí an chomhaontú atá beartaithe, tugtar le tuiscint áit chónaithe dhuine nádúrtha, i.e. fanacht neamhshealadach. Ar an gcaoi sin, ní thugtar aghaidh leis an gcomhaontú atá beartaithe ar chúrsaí maidir le taisteal a éascú, agus ní thugtar aghaidh leis ar sheirbhísí a chur ar fáil go sealadach trí duine nádúrtha a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile.

9 Féach Airteagail 488 go 491 agus an Prótacal maidir le Comhordú na Slándála Sóisialta a ghabhann leis an Comhaontú Trádála agus Comhair.

10 Sa bhliain dar críoch Meitheamh 2023, d'fhág 87 000 níos mó saoránach den Aontas an Ríocht Aontaithe ná mar a tháinig isteach inti.

Treoir maidir le Cárta Gorm[11], an Treoir maidir le mic léinn, oiliúnaithe agus taighdeoirí[12], agus an Treoir maidir le Cead Aonair[13].

- Is féidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe teacht ar cuairt chun an Aontais gan víosa ar feadh uastréimhse 90 lá laistigh de thréimhse 180-lá (braitheann an fhéidearthacht gníomhaíochtaí ar íocaíocht a dhéanamh ar an ndlí náisiúnta)[14].

I ndáil leis an Ríocht Aontaithe:

- Is córas inimirce 'dall ar thíortha' atá in úsáid sa Ríocht Aontaithe faoi láthair, a sholáthraíonn conairí víosa éagsúla le haghaidh mic léinn agus oibrithe áirithe (go háirithe taighdeoirí agus lucht léinn, oibrithe oilte[15], oibrithe cúraim sláinte agus oibrithe séasúracha san earnáil talmhaíochta), chomh maith le hoibrithe deonacha i gcásanna áirithe. Níl aon chonair víosa sonrach maidir le lucht *au pair*.
- Is féidir le saoránaigh den Aontas cuairt (i.e. nach mbaineann le hoiliúint ná le hobair) a thabhairt ar an Ríocht Aontaithe gan víosa go ceann tréimhse 6 mhí[16].

Sa bhreis air sin, go dtí seo tá an Ríocht Aontaithe ag diúltú baint a bheith aici le cláir an Aontais i réimsí an óige, an chultúir agus an oideachais, amhail Erasmus+ nó Eoraip na Cruthaitheachta (sraith an chultúir), rud a laghdaíonn deiseanna do mhalartuithe óige, oideachais agus cultúrtha[17]. Thairis sin, tá mic léinn ón Aontas faoi réir tháillí teagaisc an-arda anois a bhaineann le mic léinn eachtrannacha agus iad ag féachaint le staidéar a dhéanamh (go háirithe ardoideachas agus staidéir dhochtúireachta) sa Ríocht Aontaithe i gcomparáid leis na táillí a íocann mic léinn intíre. Chomh maith leis sin, tá rochtain níos deacra acu, nó níl rochtain ar bith acu, ar thairbhí gaolmhara (e.g. scoláireachtaí, iasachtaí do mhic léinn). Is amhlaidh an cás le haghaidh mic léinn dochtúireachta a théann chun na Ríochta Aontaithe mar chuid de thionscadal Fís Eorpach (faoi ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie)[18]. Is é an toradh atá air sin ná go bhfuil laghdú ar líon na mic léinn ón Aontas sa Ríocht Aontaithe[19].

---

11 Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí, (IO L 382, 28.10.2021).

12 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

13 Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lch. 1).

14 Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.

15 Os cionn íostairseach pá, ar choinníoll go bhfuil an post ar liosta shlite beatha incháilithe agus gur fhaomh an Oifig Gnóthaí Baile an fostóir Briotanach (agus dá réir sin, go bhfuil an fostóir sin in ann deimhniú urraíochta a eisiúint i leith an iarratasóra ar víosa).

16 Visit the UK as a Standard Visitor: Overview - GOV.UK (www.gov.uk)

17 Cé go bhfuil an Ríocht Aontaithe comhlachaithe leis an gclár Fís Eorpach ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann faoi na coinníollacha a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ní áirítear sa Chomhaontú sin forálacha lena rathaítear soghluaisteacht taighdeoirí, agus níl ann ach clásal 'seandíchill' i ndáil leis sin. Féach Airteagal 712(1) agus (2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

18 Sa bhreis air sin, na iarrthóirí dochtúireachta agus taighdeoirí a bhogann chun na Ríochta Aontaithe faoi thionscadal Fhís Eorpach (go háirithe faoi ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie), ní tairbhíonn

Tá deacracht ar leith roimh daoine óga atá ag iarraidh tréimhsí oiliúna, intéirneachtaí nó printíseachtaí a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe mar chuid dá gclár oideachas Aontais, lasmuigh de na deacrachtaí a bhaineann le teacht ar an gconair víosa cuí, agus is é sin go measann an Ríocht Aontaithe gur 'obair' é a dtréimhse oiliúna, a n-intéirneacht nó a bprintíseacht, agus go bhfuil sé faoi réir na rialach maidir le pá íosta dá bharr. Mar sin féin, tá eisceacht ón riail sin i gcás tréimhsí oiliúna, intéirneachtaí nó printíseachtaí ('socrúcháin oibre') a dhéantar mar chuid de chláir oideachais/staidéir sa Ríocht Aontaithe[20].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tAontas tiomanta go ginearálta tacú le creataí a bhunú chun malartuithe a éascú idir daoine óga ar fud mhór-roinn na hEorpa, d'fhonn teagmháil daoine-le-daoine a mhéadú, ar mhaithe le daoine a thabhairt le chéile agus naisc a treisiú. Is geal leis an Aontas freisin go gcuirfidh daoine óga san Aontas lena gcuid scileanna agus go bhforbraíonn siad a gcuid buanna, lena n-áirítear thar theorainneacha agus lasmuigh den Aontas[21].

Mar a luadh thuas, tá reachtaíocht ag an Aontas is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht ó thríú tíortha i réimse na himirce dleathaí. Leis an reachtaíocht sin, rialaítear coinníollacha iontrála agus cónaithe do chatagóirí áirithe náisiúnaigh tríú tír - mar shampla chun críoch amhail taighde, staidéar nó oiliúint ach chun críche obair áirithe a dhéanamh freisin.

Níor fhorbair an tAontas comhaontuithe idirnáisiúnta lena chomharsana Eorpacha a chumhdódh soghluaisteacht dhaoine óga lasmuigh de chás an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (rud lena leathnaítear an margadh aonair, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, chun an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin a chumhdach trí rialacha an Aontais a ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) agus an comhaontú leis an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine[22]. Áirítear leis an dara comhaontú sin go sonrach foráil maidir le neamh-idirdhealú ar fhorais na náisiúntachta i ndáil le daoine ó Pháirtí amháin a oibríonn nó atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch an Pháirtí eile agus déantar leis gur infheidhme líon teoranta forálacha i ndlí an Aontais sa chaidreamh idir na Páirtithe.

Tá scéimeanna nó cláir ag go leor Ballstát le haghaidh soghluaisteacht na hóige a chumhdaíonn tréimhse ama ghearr (ar minic a dtugtar víosaí 'saoire oibre' nó scéimeanna um shoghluaisteacht na hóige orthu) le tíortha áirithe lasmuigh den Eoraip. Bíonn na cláir/ scéimeanna sin teoranta go ginearálta do réiteach a fháil ar an gceist maidir le teacht ar víosa/ cead oibre, ach ní gá i gcónaí go dtugann siad aghaidh ar shaincheisteanna amhail táillí

---

siad d'éascú sonrach ar bith a mhéid a bhaineann lena dteacht isteach agus lena bhfanacht, agus tá táillí víosa arda agus formhuirir shláinte rompu.

19 Laghdú 50 % ar shaoránaigh an Aontais a chláraigh in ollscoileanna de chuid an Ríocht Aontaithe idir 2020 agus 2022. Cf. Parlaimint na hEorpa, *Rún an 23 Samhain 2023 maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe* (2022/2188(INI)), § 148.

20 https://www.gov.uk/employment-rights-for-interns

21 Tá sé d'aidhm ag an Aontas scileanna agus buanna a mhealladh ar bhonn buan. Cf. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Scileanna agus buanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach*, COM/2022/657 final an 27.4.2022.
Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne COM/2023/715 final an 15.11.2023.

22 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine (IO L 114, 30.4.2002, lch. 6).

teagaisc ollscoile nó cóir chomhionann le náisiúnaigh. Is minic a bhíonn siad teoranta freisin ó thaobh líon ceadaithe na ndaoine a ligtear isteach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá forálacha maidir le comhordú na slándála sóisialta, forálacha atá ina gcumasóirí tábhachtacha d'aon chomhaontú féideartha maidir le soghluaisteacht idir na Páirtithe agus lena déantar an comhaontú féideartha sin a fhorlíonadh.

Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá rialacha maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó (e.g. soláthar seirbhísí). Leis na rialacha sin, tugtar aghaidh ar chásanna a bhfuil daoine i láthair go sealadach chun críche sonraí agus ní féidir leis na rialacha sin cuspóirí dá bhforáiltear sa mholadh seo a bhaint amach (cuspóirí a thugann le tuiscint go rachaidh na daoine chun cónaí ann).

Déanann an tAontas gníomhaíochtaí chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú agus iad a fhorlíonadh i réimsí an oideachais, na gairmoiliúna agus oiliúint taighdeoirí, na hóige agus an chultúir - amhail trí cláir shonracha (e.g. Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta (sraith an chultúir), gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie faoin gclár Fís Eorpach) atá oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha iomchuí.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN MHOLTA

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh chinneadh na Comhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le soghluaisteacht na hóige.

Ní féidir an bunús dlí substainteach chun an chomhpháirtíocht nua maidir le soghluaisteacht na hóige a chinneadh ach amháin ag deireadh na caibidlíochta. I bprionsabal, is réimse ina roinntear inniúlacht idir an tAontas agus na Ballstáit é réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Le hAirteagal 79(2)(a) agus (b) den CFAE, tugtar cumhacht don Aontas bearta a ghlacadh maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe i leith náisiúnach tríú tír atá ag iarraidh cónaí go dleathach i mBallstát (lena n-áirítear chun críche teaghlaigh a athaontú) agus tá an tAontas tar éis ghníomhú cheana féin i dtaca le catagóirí áirithe daoine (féach thuas)[23] [24]– gan dochar don cheart atá ag Ballstáit líon na ndaoine a ligfear isteach a chinneadh i leith na náisiúnach tríú tír a thagann chun a gcríoch ar thóir oibre.

Ní féidir <u>críochnaitheacht an chomhaontú</u> (i.e. Aontas amháin nó comhaontú measctha) a bhunú go dtí go dtabharfar caibidlíocht chun críche.

---

[23] De réir Airteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an CFAE, ní bheidh an Danmhairg in ann a bheith rannpháirteach sa chomhaontú atá beartaithe. Dá bhrí sin, na tagairtí ar fad do shaoránaigh den Aontas sa mholadh seo, tuigfear nach n-áirítear leo náisiúnaigh den Danmhairg, agus tagairtí do Bhallstáit mar thír cinn scríbe faoin gcomhaontú atá beartaithe, tuigfear nach n-airítear an Danmhairg leo. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar chás sonrach na Danmhairge i gcomhaontú ar leithligh, ina dhiaidh sin, comhaontú a mbeadh a ábhar ina mhacasamhail ar a bhfuil sa chomhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

[24] I ndáil le hÉirinn, tá feidhm ag forálacha Phrótacal Uimh. 21, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an CFAE. In aon chás, ba cheart go mbeadh an comhaontú gan dochar do shocruithe na hÉireann faoin 'gComhlimistéar Taistil'.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is le cur chuige ar leibhéal an Aontais, agus leis sin amháin, a áiritheofaí go gcaithfear go cothrom le gach Ballstát i ndáil le soghluaisteacht daoine chun na Ríochta Aontaithe, rud atá ar cheann de phríomhcheisteanna i dtreoirlínte 2018 ón gComhairle Eorpach sa réimse sin.

Le cur chuige ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí iarracht a dhéanamh ar bhealach níos éasca éifeacht a thabhairt don uaillmhian a iarrann an Chomhairle Eorpach agus, i gcomparáid leis an *status quo*, luach a chur leis ó thaobh: gan cuótaí a bheith ann do thairbhithe; nósanna imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa eisceachtúil a sheachaint; fad na tréimhse soghluaisteachta laistigh den tréimhse incháilithe; leithead chuspóirí an fhanachta; féidearthacht go bhfuil tairbhithe á dtionlacan ag gar-bhaill teaghlaigh; saoránaigh den Aontas ag baint tairbhe as cóir chomhionann i gcomparáid le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe i roinnt cásanna.

Ní ráthaítear le caibidlíochtaí comhthreomhara ag Ballstáit go mbeadh suim ag an Ríocht Aontaithe teacht ar chomhaontú le gach Ballstát ná ní ráthaítear leo ach an oiread go mbeadh an Ríocht Aontaithe ag caitheamh go cothrom leis na Ballstáit éagsúla.

- **Comhréireacht**

Ní théann gníomhaíochtaí an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir beartais a ghnóthú, is e sin soghluaisteacht do dhaoine óga idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a éascú. Chuirfí, leis sin, bealach soiléir, simplí agus cost-éifeachtach ar fáil do shaoránaigh óga den Aontas maidir le soghluaisteacht chun na Ríochta Aontaithe. Leis sin, thabharfaí soiléireacht do na saoránaigh lena mbaineann, i gcodarsnacht leis an gcás atá ann faoi láthair go bhfuil roinnt conairí víosa comhthreoracha ann don Ríocht Aontaithe. Tá na bealaí sin teoranta (e.g. forchuireann siad cuótaí, teorainneacha ama gearra, gan baill teaghlaigh tionlacain) agus costasach (táillí víosa arda, formhuirear cúraim sláinte). Leis sin, bheifí ag iarraidh aghaidh a thabhairt go sonrach ar na príomhchonstaicí atá roimh shaoránaigh óga den Aontas (e.g. i ndáil le táillí teagaisc oideachais nó socrúcháin oibre mar chuid de staidéar san Aontas) constaicí nach dtugtar aghaidh orthu le roghanna malartacha (amhail Scéim na Ríochta Aontaithe um Shoghluaisteacht na hÓige).

Comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, sin í an ionstraim is oiriúnaí chun an chuspóir a bhaint amach toisc go dtabharfaí aghaidh leis sin ón tús ar an gceist maidir le neamh-idirdhealú idir náisiúnaigh an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Ní leor ionstraim dlí bhoige, amhail Meabhrán Tuisceana riaracháin, chun deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil do dhaoine óga a mhéid a bhaineann le féidearthachtaí maidir le soghluaisteacht na hóige idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Is trí thuiscint fhrithpháirteach ceangailteach i bhfoirm chomhaontú idirnáisiúnta foirmiúil maidir le soghluaisteacht na hóige idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus tríd sin amháin, a rathófar deimhneacht dhlíthiúil.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an ngníomhaíocht atá beartaithe.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an moladh seo, iarrann an Coimisiún Eorpach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh údarú a thabhairt chun tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le soghluaisteacht na hóige[25], an Coimisiún Eorpach a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais agus treoracha a thabhairt don idirbheartaí, agus coiste a ainmniú nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis.

Ní hionann an comhaontú atá beartaithe agus tairbhí na bunshaoirse gluaiseachta atá ag saoránaigh den Aontas a bhronnadh ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe.

Ba cheart an comhaontú atá beartaithe maidir le soghluaisteacht na hóige a bheith bunaithe ar na paraiméadair seo a leanas:

- Tá an raon feidhme pearsanta teoranta do shaoránaigh óga den Aontas agus náisiúnaigh óga den Ríocht Aontaithe, e.g.18 mbliana-30 bliain d’aois;
- Tá an tréimhse fanachta teoranta do thréimhse ama réasúnta (e.g. 4 bliana);
- Níl soghluaisteacht ceangailte le cuspóir, i.e. is féidir é a chleachtadh chun críocha éagsúla: obair, staidéar, oiliúint/intéirneachtaí (i gcomhthéacs chlár oideachais an Aontais san áireamh), taighde, obair go deonach, taisteal, gníomhaíochtaí eile nó díreach cuairt a thabhairt/taisteal fad na tréimhse fanachta;
- Níl soghluaisteacht faoi réir cuóta;
- Tá coinníollacha coiteanna um ligean isteach i bhfeidhm agus comhlíonann an tairbhí na coinníollacha sin ar feadh na tréimhse fanachta;
- Forais ábhartha maidir le hiarratais a dhiúltú;
- Is iad na húdaráis náisiúnta ábhartha a fhíoraíonn comhlíontacht leis na coinníollacha agus a fhíoraíonn nach bhfuil forais ann do dhiúltú le linn nós imeachta um ligean isteach sula bhfeidhmítear soghluaisteacht.
- Ní fheidhmítear soghluaisteacht chuig an Aontas ach amháin sa Bhallstát a lig isteach an náisiúnach den Ríocht Aontaithe, i.e. ní ligeann cead isteach i mBallstát amháin le soghluaisteacht ‘laistigh den Aontas’ go dtí Ballstát eile[26];
- Caitear le tairbhithe ar bhonn comhionann leis an gcaoi a chaitear le náisiúnaigh, i ndáil le coinníollacha oibre ar a laghad, lena n-áirítear íocaíocht agus foirceannadh fostaíochta chomh maith le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, saoirse comhlachais, gnéithe áirithe oideachais agus gairmoiliúna, sochair chánach, a mhéid gur cónaitheoir cánach é/í an duine, agus seirbhísí comhairle a chuireann oifigí fostaíochta ar fáil;
- Soláthraítear cóir chomhionann freisin i ndáil le táillí teagaisc ardoideachais. Tá feidhm aige sin freisin le tairbhithe conairí víosa eile;

---

[25] Eiseofaí an mhéid seo a leanas: teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun seirbhísí a sholáthar (‘GATS mód 4’) agus na rialacha maidir le taisteal a éascú/teorainneacha a thrasnú (e.g. pas vs. cárta aitheantais; úsáid ríomhgheataí) nó ar thaisteal gan víosa le haghaidh cuairteanna gearrthéarmacha.

[26] Gan dochar d’Airteagal 21 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

- Déantar ‘formhuirear cúraim sláinte’ na Ríochta Aontaithe a tharscaoileadh do thairbhithe an Aontais;
- Coinníollacha maidir le feidhmiú an chirt chun athaontú teaghlaigh leis na tairbhithe.

Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith ina chomhaontú forlíontach ar an gComhaontú Trádála agus Comhair[27]. Sa chaoi sin, ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith mar chuid den chreat institiúideach aonair agus aonfhoirmeach céanna leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a bhfuil rialacha maidir le réiteach díospóide ar chuid dhílis de.

Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do *acquis* an Aontais agus do rialacha náisiúnta a chuireann bealaí dleathacha imirce ar fáil, i.e. ba cheart dó foráil do bhealach imirce breise i dteannta le bealaí atá ann cheana féin i gceachtar Páirtí, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do rialacha an Aontais agus a Bhallstáit maidir le stádas cónaitheora bhuain/cónaitheora fhadtéarmaigh a fháil.

Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar don mhéid seo a leanas:

- na rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;
- na rialacha maidir le cánachas dúbailte;
- na rialacha maidir le rialú daoine a thrasnaíonn teorainneacha na bPáirtithe, lena n-áirítear taisteal a éascú ag ceachtar Páirtí;
- na rialacha lena gceanglaítear go gclárófar náisiúnach ón bPáirtí eile laistigh d’achar ama ar leith ar theacht isteach dó/di.

Sa bhreis air sin, d’fhéadfaí caibidlíocht an chomhaontaithe atá beartaithe a chomhlánú trí phlé chomhthreorach maidir le rannpháirtíocht féideartha na Ríochta Aontaithe i gcláir an Aontais i réimse na hóige, an oideachais agus an chultúir, amhail clár Erasmus+ agus an clár Eoraip na Cruthaitheachta (sraith an chultúir). D’fhéadfadh comhlachú na Ríochta Aontaithe le clár dá leithéid a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, de bhun Airteagal 218(9) CFAE.[28]

---

27 Airteagal 2(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

28 Le hAirteagal 710 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, foráiltear do chomhlachú féideartha na Ríochta Aontaithe le cláir an Aontais: D’fhéadfadh Prótacal I a ghabhann leis an gComhaontú sin a bheith leasaithe chun na críche sin trí chinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(s) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), tá feidhm leis ón 1 Eanáir 2021[29]. Taobh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar')[30], is bunchloch é don chaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe').

(2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, foráiltear do chomhordú na slándála sóisialta lena dtacaítear le soghluaisteacht daoine faoi dhlí náisiúnta ceachtar Páirtí, ach ní thugann sé aghaidh ar shoghluaisteacht *per se*, i.e. an fhéidearthacht go mbeidh náisiúnach de Pháirtí amháin ina chónaí nó ag fanacht ar chríoch an Pháirtí eile. Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá rialacha maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach dhaoine nádúrtha chun críoch gnó, ach ní dhírítear ach ar chásanna a bhfuil duine/daoine i láthair go sealadach chun críche sonraí (e.g. soláthar seirbhísí).

(3) Ina ionad sin, is le rialacha baile (maidir le hinimirce) an Aontais (agus na mBallstát) agus le rialacha baile (maidir le hinimirce) na Ríochta Aontaithe faoi seach a rialaítear soghluaisteacht daoine idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an líon daoine a fheidhmíonn soghluaisteacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Tá sé tar éis tionchar a imirt go háirithe ar dheiseanna dhaoine óga san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe taithí a fháil ar an saol i gcríoch a chéile agus tairbhe a bhaint as malartuithe ógra, cultúrtha, oideachais, taighde agus oiliúna.

(4) I gcaitheamh 2023, chuaigh an Ríocht Aontaithe i dteagmháil le roinnt Ballstát (ach ní na Ballstáit uile) agus é ar intinn aici caibidlíocht a dhéanamh faoi shocruithe déthaobhacha maidir le soghluaisteacht na hóige, socruithe a mbunófaí ar scéim víosa na Ríochta Aontaithe um shoghluaisteacht na hóige. Is é an toradh a bheadh air

[29] (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).
[30] (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

sin go gcaithfear ar bhealach difriúil le náisiúnaigh an Aontais. Sa bhreis air sin, ní thabharfar aghaidh, leis an gcur chuige sin, ar na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht a mbíonn ar dhaoine óga dul i ngleic leo.

(5) Ba cheart caibidlíochta a oscailt, mar sin, d'fhonn teacht ar chomhaontú forlíontach de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i réimse shoghluaisteacht na hóige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, ar chomhaontú le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*